

TÁBHACHTACH – Léigh na nótaí seo roimh d'éileamh a sheoladh isteach

1. Rinneadh na hearraí a onnmhairiú laistigh de cheithre mhí óna soláthar in Éirinn nó óna n-allmhairiú isteach in Éireann.
2. Ní mór éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse incháinite lena mbaineann an t-éileamh.
3. **Deimhnigh** an méid seo a leanas roimh duit an fhoirm éilimh seo a chur isteach:
 - tá codanna 1 go 3 comhlánaithe agat.
 - tá an dearbhú sínithe agat.
 - tá an doiciméadú tacaíochta uile ceangailte agat, .i. sonraisc **bunaidh** maidir leis na hearraí uile san éileamh nó admhálacha maidir le CBL a íocadh ar earraí allmhairithe agus an doiciméad onnmhairithe custaim.
 - tá na sonraisc inléite, dátaithe agus taispeántar iontu an CBL, ainm, seoladh agus uimhir CBL an tsoláthraí agus cur síos leordhóthanach ar na hearraí lena mbaineann.
 - **tá fótachóipeanna de dhoiciméadú tacaíochta ceangailte más mian leat na doiciméid bunaidh a fháil ar ais.**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Ba cheart Foirmeacha Éilimh, mar aon le doiciméadú tacaíochta a sheoladh ar ais chuig:

Rannóg an Ard-Bhailitheora, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972. Teil: 01 738 3667

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoirm seo a fhail ón seoladh thuas nó a íoslódáil ó láithreán Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim: www.revenue.ie

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.